Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Eanáir 2022
(OR. en)

5271/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0113(COD)**

**TRANS 17**
**CODEC 35**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 14 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i dtaca le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasófaí Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 14 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 14 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.1.2022
COM(2022) 14 final

2017/0113 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasófaí Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar**

GA GA

2017/0113 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasófaí Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar**

1. Cúlra

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2017) 282 final – 2017/0113 COD): | 6 Meitheamh 2017 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 6 Nollaig 2017 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eorpach na Réigiún | 1 Feabhra 2018 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 15 Eanáir 2019 |
| An dáta a tíolacadh an togra leasaithe: | 22 Feabhra 2019 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 20 Nollaig 2021 |

2. Cuspóir an togra ón gCoimisiún

Trí úsáid feithiclí fruilithe a iompraíonn earraí (seachas feithiclí ar leis na gnóthais iad) is féidir leithdháileadh na n-acmhainní a fheabhsú (e.g. ní gá caipiteal a bheith sáite i bhfeithicil thearcúsáidte) agus is féidir solúbthacht agus táirgiúlacht na ngnóthas a mhéadú. Is é is aidhm don togra úsáid na bhfeithiclí fruilithe a chur chun cinn trí dheireadh a chur le (cuid de) na roghanna atá ag na Ballstáit srianta a chur ar a n-úsáid faoi Threoir 2006/1/CE[1].

Faoi láthair, féadfaidh na Ballstáit srian a chur ar úsáid feithiclí fruilithe is troime ná 6 thona a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí féinchuntais, agus féadfaidh siad, ar a gcríoch féin, srian a chur ar úsáid feithiclí ar fhruiligh gnóthas iad lasmuigh de thír a bhunaíochta. Ós rud é go gceadaítear úsáid na bhfeithiclí sin i roinnt Ballstát agus nach gceadaítear an úsáid sin i roinnt Ballstát eile, tá meascán dlíthiúil san Aontas Eorpach, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil. Áiríodh ar chuspóirí an togra an chinnteacht dhlíthiúil a bhaint amach maidir le húsáid na bhfeithiclí fruilithe ar fud an Aontais Eorpaigh. Cuspóir eile ab ea úsáid na bhfeithiclí arna bhfruiliú (agus arna gclárú) i mBallstát eile a cheadú chun freastal, go háirithe, ar phointí buaicéilimh gearrthéarmacha, séasúracha nó sealadacha nó chun iad a úsáid in ionad feithiclí lochtacha nó damáistithe.

[1] Treoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar, IO L 33, 4.2.2006, lch. 82.

3. Tráchtanna maidir leis an seasamh ón gComhairle

3.1. Íostréimhse fruilithe

B'é an t-ábhar ba mhó conspóid ag na comhreachtóirí ceist na híostréimhse lena gceanglófaí ar na Ballstáit úsáid na bhfeithiclí fruilithe a bhfuil uimhirphláta eachtrannach orthu a cheadú do ghnóthais arna mbunú faoina reachtaíocht féin. Tá seasamh na Comhairle bunaithe ar réiteach dériain, lena ndéantar ceangal idir an íostréimhse fruilithe agus na rialacha náisiúnta maidir le clárú na bhfeithiclí fruilithe. Bheadh sé de rogha ag na Ballstáit tréimhse 30 lá i ndiaidh a chéile a cheadú le haghaidh úsáid feithiclí fruilithe a bhfuil uimhirphlátaí eachtrannacha orthu (i gcás na mBallstát a chuireann ceanglas clárúcháin i bhfeidhm tar éis 30 lá nó níos lú), nó úsáid 2 mhí a cheadú le haghaidh na bhfeithiclí sin (i gcás na mBallstát ina bhfuil na rialacha clárúcháin níos 'móraigeanta'). D'fhéadfaí léirscaoileadh iomlán (gan aon cheanglas clárúcháin ar bith a chur i bhfeidhm i dtaca leis na feithiclí eachtrannacha a mbaineann gnóthais an Bhallstáit úsáid astu) a chur i bhfeidhm freisin, dá mba mhian le Ballstát é sin a dhéanamh. Maille leis sin, tá rialacha glactha ag an gComhairle lena gceanglaítear ar na cuideachtaí tarlaithe na feithiclí fruilithe a chlárú sna cláir leictreonacha náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar, rialacha a bhaineann leis na feithiclí arna bhfruiliú i mBallstát nach é Ballstát bunaíochta na cuideachta é freisin.

Is féidir leis an gCoimisiún comhaontú leis an gcomhréiteach seo, nó tá sé ar aon dul le cuspóir an togra ón gCoimisiún, mar atá, solúbthacht bhreise a chur ar fáil i margadh na bhfeithiclí fruilithe ná mar atá ann faoin treoir atá i bhfeidhm faoi láthair. Leis an treoir atá i bhfeidhm faoi láthair ceadaíodh srianta ar fhruiliú na bhfeithiclí le haghaidh gnóthais eachtrannacha, ach amach anseo ní fhéadfaidh na Ballstáit srianta a thabhairt isteach ach amháin le haghaidh a gcuid gnóthas féin. Faoin treoir atá i bhfeidhm faoi láthair, féadfaidh na Ballstáit clárúchán intíre láithreach a éileamh i gcás na bhfeithiclí fruilithe a bhfuil uimhirphlátaí eachtrannacha orthu. De réir sheasamh na Comhairle, amach anseo beidh íostréimhse úsáide (30 lá) a gceanglófar ar gach Ballstát í a cheadú, agus le linn na tréimhse sin ní fhéadfaidh siad a éileamh go gclárófaí na feithiclí sin go náisiúnta (rud a chuireann costas agus ualach ar na gnóthais). Is inghlactha freisin na forálacha maidir leis na ceanglais ar chuideachtaí tarlaithe na feithiclí fruilithe a chlárú sna cláir leictreonacha náisiúnta, toisc go gcuireann siad ar chumas na n-údarás náisiúnta na feithiclí sin a rialú níos fearr.

Ós dócha go dtiocfaidh méadú ar úsáid na bhfeithiclí fruilithe leis an treoir athnuaite, agus ós rud é gur minic a bhíonn na feithiclí sin níos nua agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, tá an réiteach seo le leas spriocanna aeráide an Aontais Eorpaigh a bhaint amach freisin.

3.2. Cead an fhruilithe a theorannú go 25 % de na feithiclí atá 'ar fáil don' ghnóthas

Maidir leis an tairseach íosta i dtaca le flít feithiclí gnóthais, ní cheadaítear do Bhallstát bunaíochta an ghnóthais srianta a chur ar úsáid na bhfeithiclí arna bhfruiliú agus arna gclárú i mBallstát eile faoi bhun na tairsí íosta sin, agus is mar a leanas a shuitear í i dtéacs na Comhairle:

*'25 % ar a laghad den fhlít feithiclí earraí atá* ***ar fáil don*** *ghnóthas de bhun phointe (g) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 an 31 Nollaig den bhliain roimh úsáid na feithicle fruilithe nó ar an lá a thosaigh an gnóthas úsáid a bhaint as an bhfeithicil fruilithe, de réir mar a chinnfidh an Ballstát.'*

Ach níor mhian leis an gComhairle feithiclí a chur san áireamh a bheadh ar fáil do ghnóthas arna bhfruiliú (agus arna gclárú) ar an gcoigríoch. Mar sin, cuirtear i gcás, má bhaineann gnóthas atá bunaithe i mBallstát amháin lánúsáid as an srian sin, agus má bhíonn 120 feithicil ar fáil dó, ar cláraíodh 20 acu i mBallstát eile, sa chás sin ní cheadófar dó ach 5 fheithicil bhreise a fhruiliú i mBallstát eile, sa chaoi go mbaineann sé iomlán 25 feithicil den chineál sin amach (25 % de (120-20) = 25), seachas 10 bhfeithicil bhreise den chineál sin (25 % de 120 = 30).

Is féidir leis an gCoimisiún glacadh le seasamh na Comhairle. Tá an coincheap 'ar fáil do' seanbhunaithe (féach Airteagal 1(5)(d) (iii) agus Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009[2]) agus ní féidir ciall contráilte a bhaint as, ach d'fhéadfaí ciall contráilte a bhaint as 'feithiclí i seilbh ghnóthais'. Is ar léas a bhíonn a lán leoraithe; is leis an léasaí an tseilbh eacnamaíoch, ach coinníonn an léasóir an tseilbh dhlíthiúil, agus mar sin ní léir cén chiall ba cheart a bhaint as an bhfocal 'seilbh'. Dar ndóigh tá an coincheap 'na feithiclí atá ar fáil do ghnóthas' níos leithne ná an coincheap 'na feithiclí atá i seilbh ghnóthais' nó cumhdaíonn sé gach feithicil a choinnítear faoi chonradh fruilcheannaigh, faoi chonradh fruilithe nó faoi chonradh léasaithe, agus ní hamháin feithiclí atá i lánseilbh an ghnóthais. Dá bhrí sin, ceadaítear líon níos mó feithiclí fruilithe leis an gcoincheap seo agus tugann sé solúbthacht bhreise do na cuideachtaí tarlaithe, rudaí a neartódh an cás chun tacaíocht a thabhairt dó.

## 3.3. Seirbhísí féinchuntais

Ní cheadaíonn seasamh na Comhairle do na Ballstáit srian a chur ar úsáid feithiclí fruilithe le haghaidh oibríochtaí féinchuntais ach amháin i gcás feithiclí atá cláraithe i mBallstát eile, agus é sin gan beann ar mheáchan na feithicle.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar, IO L 300, 14.11.2009.

Is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an réiteach seo nó eisiafaidh sé srianta ar ghnóthais intíre a dhéanann oibríochtaí féinchuntais le feithiclí arna bhfruiliú ar an gcríoch náisiúnta. Tá srianta den chineál sin ceadaithe faoin Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair. Bhí sé ar cheann de phríomhchuspóirí an togra ón gCoimisiún an fhoráil fhíorshriantach seo, nach bhfuil aon riachtanas margaidh ag baint léi, a scriosadh. Is féidir leis an gCoimisiún glacadh le seasamh na Comhairle, nach gceadaíonn srianta ach amháin ar oibríochtaí féinchuntais a dhéantar le feithiclí a bhfuil uimhirphlátaí eachtrannacha orthu. Is féidir údar a thabhairt don srian seo, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit feithiclí den chineál sin a rialú, toisc nach mbíonn siad cláraithe sna cláir náisiúnta de ghnóthais tarlaithe bóthair (nach gcláraítear iontu oibreoirí féinchuntais ach cuideachtaí gairmiúla tarlaithe amháin). Is féidir rialú den chineál sin a dhéanamh ar fheithiclí féinchuntais intíre toisc nach mór dóibh a bheith cláraithe de réir na rialacha clárúcháin náisiúnta a bhfuil feidhm acu maidir le gach feithicil.

## 4. CONCLÚID

Tá seasamh na Comhairle inghlactha don Choimisiún. Luíonn sé le cuspóirí an togra ón gCoimisiún agus cuirfidh sé go mór leis an tsolúbthacht a bheidh ag gnóthais chun úsáid a bhaint as feithiclí fruilithe a cláraíodh i mBallstáit eile, nó chun na feithiclí sin a úsáid chun críoch féinchuntais. Dá bhrí sin, is céim thábhachtach í maidir le Pacáiste Soghluaisteachta I a chur chun feidhme. Ós dócha go dtiocfaidh méadú ar úsáid na bhfeithiclí fruilithe leis an reachtaíocht leasaithe, agus ós rud é gur minic a bhíonn na feithiclí sin níos nua agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, tá an réiteach seo le leas spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach freisin.